

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2000

GAEILGE - ARDLEIBHÉAL

PÁIPÉAR I

(170 marc)

DÉ hAOINE, 9 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA, 1.30 go dtí 4.20

(Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga. Caillfear marcanna trí bheith faillíoch ann.)
Ceist 1 agus **Ceist 2** a fhreagairt.

Freagair do rogha **ceann amháin** de **A, B, C, D** anseo thíos.

[N.B. Ní gá dul thar 500-600 focal nó mar sin i gcás ar bith.]

A**- AISTE -****(100 marc)**

Aiste a scríobh ar **cheann amháin** de na hábhair seo.

- (a) Éire na Naomh agus na nOllúna - a bhfuil i ndán di.
- (b) An Mhílaois Nua - ré an dóchais nó an éadóchais?
- (c) Laochra an Fichiú hAois a chuaigh i bhfeidhm go mór orm. (Is leor trácht a dhéanamh ar **bheirt**.)

B**- SCÉAL -****(100 marc)**

Scéal a cheapadh a mbeadh do rogha **ceann amháin** díobh seo oiriúnach mar theideal air.

- (a) Bíonn an fhírinne searbh!
- (b) Misneach.

C**- ALT NUACHTÁIN/IRISE -****(100 marc)**

Freagair do rogha **ceann amháin** díobh seo.

- (a) Bhí fógra sa nuachtán *Foinse* ag iarraidh ar dhaltaí Ardeistiméireachta ailt a scríobh ar an ábhar "*Fadhbanna an aosa óig - is measa anois ná riamh iad.*" Scríobh an **t-alt** a chuirfeá chuig an eagarthóir ar an ábhar sin.
- (b) Chuir tú agallamh ar thriúr iarscoláirí de chuid do scoile féin féachaint cén tionchar a bhí ag na laethanta scoile a chaith siad san iarbhunscoil ar an saol atá acu inniu. Scríobh **alt** d'iris na scoile a bheidh bunaithe ar an agallamh sin.

D**- DÍOSPÓIREACHT/ÓRÁID -****(100 marc)**

Freagair do rogha **ceann amháin** díobh seo.

- (a) Scríobh an **chaint** a dhéanfa, i ndíospóireacht scoile, ar son **nó** in aghaidh an rúin seo a leanas: "*Ba chóir torthaí scrúdaithe na n-iarbhunscoileanna a eisiúint go poiblí.*"
- (b) Is ball tú de chumann áitiúil de pháirtí polaitíochta éigin. Tá ort píosa cainte a thabhairt ag cruinniú den pháirtí ar an téama "*An bhfuil polasaí na neodrachta i gcúrsaí idirnáisiúnta oiriúnach don tír seo?*" Scríobh an **píosa cainte** a thabharfa ag an gcruinniú sin.

A - (35 mharc)

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. [Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, oiread agus is féidir leat].

LAOCHRA NÓ TRÉIGTHEOIRÍ?

I mBéal Feirste anuraidh, taispeánadh an scannán, *One Man's Hero*, den chéad uair. Séard atá sa scannán seo ná cur síos ar bhaicle bheag Éireannach, *Los San Patricios*, a throid faoi bhratach ghlas Naomh Pádraig ar son Mheicsiceo sa chogadh in aghaidh Mheiriceá, 1846-48. Ba é **John Riley** as an gClochán, Co. na Gaillimhe a bhí ina cheannaire orthu. An réalta cháiliúil, **Tom Berenger**, a ghlacann páirt **Riley** sa scannán. Is cuí go mbeadh sé sa pháirt seo mar is de bhunadh Éireannach é **Berenger**, tá suim mhór aige sa stair agus chuaigh scéal *Los San Patricios* i gcionn air ó chuala sé ó aisteoir eile é i 1976.

Ba den aicme oibre a mhuintir agus **Thomas Michael Moore** a tugadh air nuair a saolaíodh **Berenger** i Chicago. Thaitin gach spórt leis agus bhí sé ag iarraidh a bheith ina iriseoir spóirt go dtí oíche chinníúnach nuair a chuir cara geall leis nach ndéanfadh sé triail don dráma *Who's afraid of Virginia Woolf*. Rinne, ar ndóigh. Thug sé **Tom Berenger** mar ainm stáitse air féin in ómós dá chara darbh ainm **Behringer** nuair a fuarthas amach go raibh 'Tom Moore' eile ann a bhí ina bhall de Cheardchumann na nAisteoirí, *Equity*.

"Tá scéal na *bPatricios* tábhachtach ar chúpla cúis", dar le **Berenger**. "Léiríonn sé gné amháin de shaol na nÉireannach nuair a tháinig siad go Meiriceá i gcéad uair. Gealladh airgead agus talamh dóibh dá rachaidís isteach in Arm Mheiriceá ach tar éis dóibh liostáil ann bhraith siad go

raibh an seicteachas céanna agus an bhrúidiúlacht chéanna ann agus a bhí sa tír a d'fhág siad ina ndiaidh. Tugadh fíor-dhrochíde d'Éireannaigh agus d'imircigh", a deir sé. "Tugann an scannán léargas freisin ar dhrochiompar an airm, rud a coinníodh faoi cheilt". Ní raibh **Lance Hool**, léiritheoir an scannáin, ábalta an scannán a chur chun cinn le linn thréimhsí uachtaránachta **Reagan** agus **Bush** de bharr an 'tírghrá' a bheith rólaidir i Meiriceá agus nach dtaitneodh nochtadh na fírinne leosan.

"Tréigtheoirí" a bhí sna *Los San Patricios* dar leis na Meiriceánaigh. 'Laochra calma' a throid ar son daoine a bhí dearóil agus Caitliceach ba ea iad dar leis na Meicsicigh. Faoi Iúil 1847 bhí os cionn 200 saighdiúir faoi cheannas **Riley** agus ba ghearr go ndeachaigh a gcáil i bhfad agus i ngearr mar gheall ar a misneach. Is iomaí cath a bhuaigh siad ach ba é an cath fíochmhar deiridh i Churrasco i ngar do Chathair Mheicsiceo a chríog iad. Bhí siad chomh calma sin gur stróic siad anuas lena lámha féin bratacha bána a chroch na Meicsicigh mar chomhartha go raibh siad sásta géilleadh. Dhá chomplacht de 102 saighdiúir an ceann a bhí ag na *Los San Patricios* ag tús an chatha. Trí huair an chloig ina dhiaidh sin bhí dhá dtrian díobh marbh nó gafa.



I Meán Fomhair 1847 crochadh 50 díobh. Crochadh an 30 deireanach díobh ar bhealach cruálach barbartha. Fágadh an drong seo ina seasamh ar ardán a gcrochta sa teas millteanach ar feadh uaireanta fada an chloig, sealáin na croiche faoina muineáil, ag féachaint ar chath a bhí ar siúl sa ghleann thíos fúthu nó go n-ardófaí bratach bhuacach Mheiriceá os cionn caisleáin a bhí faoi ionsaí. Níor cuireadh **Riley** chun báis ach dódh an litir 'D' (Deserter) ar a leicne faoi dhó mar go ndearnadh bun os cionn é an chéad uair. Ba mheasa leis a chuid fear a fheiceáil á gcur chun báis, ámh.

Déantar *Los San Patricios* a chomórath sa Chlochán agus i gCathair Mheicsiceo gach bliain. Ar an 12 Meán Fómhair 1997, tháinig Uachtarán agus polaiteoirí Mheicsiceo, Méara na Cathrach, Ambasadóir na hÉireann i dteannta le Gael-Mheicsicigh le chéile ag láthair an chrochta chun a meas a thaispeáint ar an íobairt agus ar an ngaisce a rinne dream beag saighdiúirí as Éirinn ar son Mheicsiceo 150 bliain ó shin

(As alt in *An Curadh Connachtach*)

- (i) (a) Céard air a bhfuil an scannán atá luaite sa *chéad alt* bunaithe? (3 mharc)
 (b) Luaigh **dhá** chúis a bhfuil sé cuí go mbeadh páirt ag Tom Berenger sa scannán seo. (4 mharc)
- (ii) (a) Cén chaoi ar tharla sé go ndeachaigh sé le haisteoireacht? (3 mharc)
 (b) Cén fáth nach raibh sé ábalta an t-ainm a thug a mhuintir air agus atá luaite sa *dara halt* a úsáid mar ainm stáitse? (3 mharc)
- (iii) (a) Cén **dá** chosúlacht a rianaítear sa *tríú halt* a bhí idir an saol san Arm agus an saol in Éirinn ag an am sin, dar leis an aisteoir? (4 mharc)
 (b) Cén fáth nach raibh léiritheoir an scannáin ábalta an scannán a chur chun cinn nuair ba mhian leis? (4 mharc)
- (iv) (a) Luaitear sa *cheathrú halt* go raibh *Los San Patricios calma*. Cén fhianaise atá san alt sin a léiríonn é seo? (4 mharc)
 (b) "Crochadh an 30 deireanach díobh ar bhealach cruálach barbartha." Cad atá i gceist san abairt sin as an *gcúigiú halt*? (6 mharc)
- (v) Cén fáth ar tháinig siad siúd atá luaite sa *séú halt* le chéile ag láthair an chrochta? (4 mharc)

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. [Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, oiread agus is féidir leat].

AN tUACHTARÁN INEZ

Bean as Tuaisceart na hÉireann a bhfuil a saol caite aici i mbun feachtais ar son na mbocht agus na gcoimhthíoch í, **Inez McCormack**, an t-uachtarán nuathofa ar *Chomhdháil na gCeardchumann* (ICTU). Bean láidir í a bhfuil lorg a láimhe le brath ar shaol poiblí an Tuaiscirt. Is é an bonn atá faoin obair atá déanta ag **Inez** le breis agus fiche bliain ná an mhian atá aici cearta daonna - sóisialta, eacnamaíochta agus polaitiúla, a bhaint amach dóibh siúd atá ar an ngannchuid. Tá rún aici é seo a chur i bhfeidhm sa Deisceart chomh maith nuair a rachaidh sí i mbun idirbheartaíochta le Rialtas agus le fostóirí Bhaile Átha Cliath faoin gComhréiteach Pá.

Murab ionann agus Tuaisceartaigh eile a bhí ina n-uachtaráin ar an gComhdháil, ní ghlacann sí leis an nós gur cheart an mhargáintíocht faoin gComhréiteach Pá a fhágáil faoi Dheisceartaigh. Moltar go poiblí í faoin seasamh seo ach go príobháideach ceistíonn dornán daoine a máistreacht ar cheisteanna an Deiscirt agus tá dornán eile in amhras faoina dearcadh sóisialach chun saibhreas a roinnt ar gach éinne. Tabharfaidh sí dúshlán an chórais chun buntáistí an Tíogair Cheiltigh a roinnt leo siúd atá ar an imeall.

"Scannal is ea é ag deireadh an chéid seo gur díol suntais agus eisceacht fós é toghadh mná mar uachtarán ar *Chomhdháil na gCeardchumann*," deir sí. Séanann sí gur le pá agus le coinníollacha oibre amháin a bhaineann ceardchumannachas. "Ar ndóigh tá ceart

ar phá maith ag gach oibrí agus is é dualgas na gceardchumann é sin a bhaint amach ach tá cúram i bhfad níos mó ná sin orainn. Tá ról ag ceardchumann i gcúrsaí oideachais do dhaoine fásta freisin". Feictear di gurb é an dúshlán is mó sa Deisceart conas an rath eacnamaíochta a ionramháil ionas nach bhféadfar daoine imeallacha as an áireamh.

Tá **Inez** ag obair ar mhaithe le cearta daonna ó dheireadh na seascaidí. D'fhág sí an scoil nuair a bhí sí sé bliana déag agus chuaigh sí ag obair mar chlósscríobhaí sa Státseirbhís. De shliocht Protastúnach í a tógadh in Ard Mhic Nasca i gCo. an Dúin. Ní raibh aon bhaint ag a muintir le polaitíocht riamh agus ní raibh aon taithe aici féin ar Chaitlicigh. Baineadh geit aisti sa Státseirbhís nuair a thuig sí go gceilfí deiseanna ar dhaoine de bharr cúrsaí reiligiúin mar gur ceapadh nach bhféadfadh an Stát muinín a chur iontu.

D'fhreastail sí ar dhá ollscoil agus ina dhiaidh sin chuaigh sí go hIarthar Bhéal Feirste mar oibrí sóisialta áit ar bhuail sí lena fear, **Vincent**. Bhí seisean gníomhach i nGluaiseacht Chearta Sibhialta an Tuaiscirt. In Eanáir 1969, chuaigh sí in éindí leis ar an máirseáil stairiúil ó Bhéal Feirste go Doire a ionsaíodh go fíochmhar ag Burntollet. Bhí tionchar mór ar ar tharla an lá sin ar dhearcadh **Inez** faoi chúrsaí poiblí. Sna seachtóidí rinne sí sár-obair le ceardchumann an *NUPE* agus rinneadh oifigeach den *NUPE* di do Thuaisceart Éireann i 1976. D'éirigh léi an



deighilt sheicteach i measc na mball a shárú ba chuma cén dearcadh polaitiúil a bhí acu. Údar mór mórtais aici gur chothaigh an ceardchumann féinmhuinín i measc na mban a bhí 'gan ghlór' roimhe sin. Faoi láthair is ball í den *Chomisiún Chearta Daonna* a bunaíodh faoi *Chomhaontú Aoine an Chéasta*.

Bhláthaigh sí tráth a raibh mná á gcoinneáil sna cúlseomraí polaitiúla sa Tuaisceart. Bhí tionchar aici ar chúrsaí tionscail agus fostaíochta agus ar fhorbairt shóisialta. Chuaigh sí i bhfeidhm orthu siúd a bhí i gcumhacht agus tá a bhfuil déanta aici aitheanta ag **Mary Robinson**, **Bertie Ahern**, **Tony Blair** agus ag **Bill Clinton**. Ceist mhór anois í conas a bheidh fir Bhaile Átha Cliath, fostóirí agus Rialtas araon, ábalta an fórsa nua seo, **Inez McCormack**, a láimhseáil.

(As alt in Foinse)

- (i) (a) Cén post nua ar toghadh Inez McCormack lena aghaidh le gairid? (3 mharc)
 (b) Cén 'bonn', a luaitear sa *chéad alt*, atá faoi obair Inez McCormack? (4 mharc)
- (ii) (a) Cén difríocht mhór a luaitear sa *dara halt* atá idir í féin agus uachtaráin eile as an Tuaisceart? (3 mharc)
 (b) Cén **dá** locht a fhaigheann daoine áirithe uirthi de réir an *ailt chéanna*? (4 mharc)
- (iii) (a) Luaitear 'scannal' sa *trúú halt*. Cén scannal atá i gceist anseo? (3 mharc)
 (b) Cad é an dúshlán is mó atá le sárú sa Deisceart, dar léi? (4 mharc)
- (iv) "Baineadh geit aisti sa Státseirbhís." Cad atá i gceist san abairt sin as an *gceathrú halt*? (6 mharc)
- (v) (a) Cén **dá** údar bróid atá aici a bhain lena tréimhse le ceardchumann an *NUPE* atá rianaithe sa *chúigiú halt*? (4 mharc)
 (b) Cén bhaint atá ag na daoine a luaitear sa *séú halt* le scéal Inez? (4 mharc)

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA
SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2000

GAEILGE - ARDLEIBHÉAL

PÁIPÉAR II

(180 marc)

DÉ LUAIN, 12 MEITHEAMH - MAIDIN, 9.30 go dtí 12.50

(Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga. Caillfear marcanna trí bheith faillíoch ann.)

Gach ceist (1, 2, 3 agus 4) a fhreagairt.

Freagair **A** agus **B** anseo.

A - PRÓS DUALGAIS COMÓNTA - (25 mharc)

Freagair (a) **nó** (b) **nó** (c) anseo.

- (a) "Is cumasach an léiriú a dhéanann Pádraig Ó Conaire ar intinn an duine atá uaigneach, aonarach agus é i ngleic le fadhb phearsanta."

Déan plé **gairid** ar an ráiteas sin maidir lena bhfuil i gceist sa sliocht as *Deoraíocht*.

(25 mharc)

NÓ

- (b) Déan plé **gairid** ar a éifeachtaí, dar leat, is a léirítear, meon Bhean Fhrainc sa scéal, *An Phiast*.

(25 mharc)

NÓ

- (c) "Úsáideann an t-údar scéal béaloidis chun rudaí tábhachtacha a rá faoi stádas agus faoi shaoirse na mban sa saol comhaimseartha."

É sin a phlé maidir lena bhfuil i gceist sa scéal, *Iníon Rí na Cathrach Deirge*.

(25 mharc)

B - PRÓS ROGHNACH - (15 mharc)

Freagair (a) **nó** (b) anseo:

- (a) Maidir le scéal ar bith **nó** gearrscéal ar bith **nó** úrscéal ar bith **nó** dráma Gaeilge (a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa), luaigh tréith **amháin** a bhain le pearsa ar bith ann a chuaigh i bhfeidhm ort agus déan plé **gairid** ar an gcaoi a ndeachaigh an tréith sin i bhfeidhm ar a dtarlaíonn sa saothar.

[Ní mór teideal an tsaothair a bhreacadh síos go cruinn, mar aon le hainm an údair.]

(15 mharc)

NÓ

- (b) Maidir le saothar tuairisciúil Gaeilge ar bith (a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa), luaigh cén t-eolas (**nó** cén teachtaireacht) atá an t-údar ag iarraidh a léiriú agus scríobh tuairisc ar an gcaoi a gcuirtear an t-eolas (**nó** an teachtaireacht) sin os ár gcomhair.

[Ní mór teideal an tsaothair a bhreacadh síos go cruinn, mar aon le hainm an údair.]

(15 mharc)

Freagair do rogha ceann **ambáin** de **A, B, C, D** anseo thíos.

A - GEARRSCÉALTA - (40 marc)

Freagair (a) **nó** (b) anseo thíos.

(a) **SCOTHSCÉALTA** (40 marc)

- (i) "Fonn fíochmhar díoltais a bheith ar dhuine an téama atá sa scéal, *Neill*."
É sin a phlé.

NÓ

- (ii) "Tá léargas le fáil i gcuid de na scéalta sa leabhar seo ar dhearcadh daoine áirithe ar Éirí Amach 1916 agus baintear úsáid as an Éirí Amach chun na príomhthéamaí eile sna scéalta sin a fhorbairt."
É sin a phlé i gcás **ceann ambáin** de na scéalta seo: *Anam an Easpaig, Beirt Bhan Misniúil, M'Fhile Caol Dubh*.

(b) **CNUASACH GEARRSCÉALTA ROGHNACH** (40 marc)

- (i) Maidir le **gearrscéal ar bith** as do chnuasach roghnach, déan plé ar an bpearsa is inchreidte (**nó** dochreidte) ann agus ar an gcaoi ar chabhraigh (**nó** nár chabhraigh) an inchreidteacht (**nó** dochreidteacht) sin le forbairt an scéil féin.
[Ní mór teideal an ghearrscéil sin a bhreacadh síos go cruinn, mar aon le hainm an údair.]

NÓ

- (ii) Maidir le **gearrscéal ar bith** as do chnuasach roghnach, scríobh tuairisc ar **dhá cheann ar bith** de na gnéithe seo a leanas:- an chaoi a láimhseáiltear an greann ann; an chaoi a gcruthaítear atmaisféar ann; an tábhacht atá ag baint le suíomh ann; an fheidhm atá ag mionphearsa éigin ann; an tábhacht atá ag baint le mothúchán éigin ann; an bhaint atá ag ádh (**nó** mí-ádh) le forbairt an téama ann; an teachtaireacht atá le brath ann.

[Ní mór teideal an ghearrscéil sin a bhreacadh síos go cruinn, mar aon le hainm an údair.]

B - ÚRSCÉALTA - (40 marc)

Freagair (a) **nó** (b) anseo.

(a) **MÁIRE NIC ARTÁIN** (40 marc)

- (i) "Ba mhór a d'athraigh an saol ag Máire, i ndiaidh di casadh le Seoirse."
É sin a phlé maidir lena saol sa chathair.

NÓ

- (ii) Déan plé ar an léiriú a dhéantar san úrscéal seo ar an gcodarsnacht idir saol agus pobal na cathrach agus saol agus pobal na tuaithe.

(b) **ÚRSCÉAL ROGHNACH** (40 marc)

- (i) Maidir leis an úrscéal roghnach a ndearna tú staidéar air, luaigh an tréith is mó a bhaineann le duine de na príomhphearsana ann agus déan plé ar an léiriú a dhéantar ar an tréith sin i bhforbairt an scéil.
[Ní mór teideal an úrscéil a bhreacadh síos go cruinn, mar aon le hainm an údair.]

NÓ

- (ii) Maidir leis an úrscéal roghnach a ndearna tú staidéar air, scríobh tuairisc air faoi **dhá cheann** de na ceannteidil seo a leanas:- deacracht a bhí ag pearsa éigin ann agus an chaoi a ndeachaigh an phearsa i ngleic leis an deacracht sin; an grá (**nó** fuath) agus an toradh a bhí air; an tábhacht a bhain le mionphearsa éigin agus an chaoi a ndeachaigh an mhionphearsa sin i bhfeidhm ar an bpríomhphearsa; an plota, an suíomh agus an tábhacht a bhain leo i bhforbairt an scéil.

[Ní mór teideal an úrscéil a bhreacadh síos go cruinn, mar aon le hainm an údair.]

C - DÍRBHEATHAISNÉISÍ - (40 marc)

Freagair (a) **nó** (b) anseo.

(a) **A THIG NÁ TIT ORM** (40 marc)

- (i) "Is í an chuid is spéisiúla den dírbheathaisnéis seo ná an léiriú a thugann Maidhc Dainín ar laethanta a óige sa Ghaeltacht."
É sin a phlé.

NÓ

- (ii) "Dúirt mé leis nach raibh aon leisce ormsa a bheith ag obair le daoine dubha ná aon chine eile dá ndéanfaidís a gcuid oibre i gceart."
Déan plé ar an léiriú a dhéanann Maidhc Dainín ar na daoine gorma (dubha) a casadh air agus ar an saol a bhí acu le linn dó a bheith i Meiriceá.

(b) **DÍRBHEATHAISNÉIS ROGHNACH** (40 marc)

- (i) Maidir leis an dírbheathaisnéis roghnach a ndearna tú staidéar uirthi, cén tréimhse, dar leat, i saol an údair is mó a thaitin leat? Déan plé ar an léiriú a dhéantar ar an tréimhse sin agus roinnt fáthanna le do thuairim á lua agat.
[Ní mór teideal na dírbheathaisnéise a bhreacadh síos go cruinn, mar aon le hainm an údair.]

NÓ

- (ii) Maidir leis an dírbheathaisnéis roghnach a ndearna tú staidéar uirthi, scríobh tuairisc ar **dhá** mhórbhua (**nó** mhórlucht) atá ag baint leis an dírbheathaisnéis sin mar shaothar agus tabhair fáth amháin faoi gur thaitin (**nó** nár thaitin) an saothar sin leat.
[Ní mór teideal na dírbheathaisnéise a bhreacadh síos go cruinn, mar aon le hainm an údair.]

D - DRÁMAÍ - (40 marc)

Freagair (a) **nó** (b) anseo.

(a) **AN TRIAIL** (40 marc)

- (i) "Sa dráma seo scrúdaíonn an t-údar dearcadh mícharthanach an phobail ar mháithreacha aonair."
É sin a phlé.

NÓ

- (ii) Luaigh agus déan plé ar phríomhbhua **amháin** agus ar phríomhlaige **amháin** a bhaineann leis an dráma seo, dar leat.

(b) **DRÁMA ROGHNACH** (40 marc)

- (i) Maidir leis an dráma roghnach a ndearna tú staidéar air, scríobh tuairisc ar an bpríomhthéama ann, dar leat, agus déan plé ar an gcaoi a ndéanann an t-údar an téama sin a fhorbairt ó thosach deireadh an dráma.
[Ní mór teideal an dráma sin, mar aon le hainm an údair, a bhreacadh síos go cruinn.]

NÓ

- (ii) Maidir leis an dráma roghnach a ndearna tú staidéar air, déan trácht air faoi **dhá cheann** de na ceanteidil seo a leanas:- an éifeacht a bhaineann le deireadh (**nó** le tús) an dráma; bua (**nó** laige) a bhaineann leis mar dhráma; pearsa ann atá inchreidte (**nó** dochreidte); údar **amháin** teannais (**nó** coimhlinte) idir na príomhphearsana ann.
[Ní mór teideal an dráma a bhreacadh síos go cruinn mar aon le hainm an údair.]

Freagair **A, B,** agus **C** anseo.

A - DÁNTA DUALGAIS COMÓNTA - (20 marc)

Freagair **(a) nó (b)** anseo.

- (a) (i)** Déan plé **gairid** ar a éifeachtaí, dar leat, is atá an léiriú ar an ngrá agus ar chruachás an chailín sa dán, *A Ógánaigh an Chúil Cheangailte* (thíos). (12 marc)
- (ii)** Déan trácht **gairid** ar an úsáid a bhaineann an file as meafair i véarsa a trí agus i véarsa a ceathair. (8 marc)

A ÓGÁNAIGH AN CHÚIL CHEANGAILTE

1. A ógánaigh an chúil cheangailte lé raibh mé seal in éineacht, chuaigh tú aréir an bealach seo is ní thainic tú dom fhéachaint. Shíl mé nach ndéanfaí dochar duit dá dtaghá 'gus mé d'iarraidh is gurb í do phóigín a thabharfadh sólas dom dá mbeinn i lár an fhiabhrais.
2. Dá mbeadh maoin agamsa agus airgead 'mo phóca, dhéanfainn bóithrín aicearrach go doras tí mo stóirín, mar shúil le Dia go gcluifinnse torann binn a bhróige, 's is fada ón lá 'nar chodail mé ach ag súil le blas a phóige.
3. Agus shíl mé, a stóirín go mba gealach agus grian thú, agus shíl mé ina dhiaidh sin go mba sneachta ar an tsiabh thú, agus shíl mé ina dhiaidh sin go mba lóchrann ó Dhia thú, nó go mba tú an réalt eolais ag dul romham is 'mo dhiaidh thú.
4. Gheall tú síoda is saitín dom callaí 'gus bróga arda, is gheall tú tar a éis sin go leanfá tríd an tsnámh mé. Ní mar sin atá mé ach 'mo sceach i mbéal bearna gach nóin agus gach maidín ag féachaint tí mo mháthar.

NÓ

- (b) (i)** "Is iontach an úsáid a bhaineann an file as fuaimeanna agus as dathanna chun atmaisféar na háite i gcéin a chruthú sa dán, *Cártaí Poist* (thíos). É sin a phlé. (12 marc)
- (ii)** Déan trácht **gairid** ar na codarsnachtaí atá le brath sa dán. (8 marc)

CÁRTAÍ POIST

An t-aer ina chriathar bán
ag craos glórach na bhfaoileán
os cionn an tráiléara
ag teacht chun cuain
is clogáin na ngabhar
ag bualadh go toll
i measc na gcrann líomóin.

Seanbhean i bhfeisteas caointe
cromtha faoi ualach paidreacha
ina ciaróg chráifeach
ag triall ar an aragal
cois cladaigh
is clog práis slóchta le meirg
ag casachtaigh sa séipéal aoldaithe.

Leannáin órtha ag siúl na trá
ag éisteacht le bladar na farraige
is aoire cianaosta
i dtábhairne ar bharr cnoic
ag imirt fichille le hiarlais
i mbrístín snámha,
a gharmhac bán ó Bhronx Nua-Eabhrac.

Ar ardán os cionn na trá
breacaimid aibítir solais ar pháir
is seolaimid ár mbeannachtaí gréine
ar chártaí poist go hÉirinn.

B - DÁNTA ROGHNACHA - (15 mharc)

Freagair (a) agus (b) anseo.

- (a) Maidir le dán **amháin** as do chuid dánta roghnacha, déan trácht **gairid** ar an bhforbairt a dhéantar ar an bpríomhthéama ann. (7 marc)
- (b) Maidir leis an **dán céanna**, déan plé **gairid** ar ghné éigin den dán sin a thaitin (**nó** nár thaitin) leat agus ar na cúiseanna ar thaitin (**nó** nár thaitin) an ghné sin leat. (8 marc)

[Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile a chum é, a bhreacadh síos go soiléir.]

C - DÁNTA DUALGAIS BREISE - (35 mharc)

Freagair (a) **nó** (b) anseo.

- (a) Freagair (i), (ii) **agus** (iii) thíos.

(i) "Is mó den ghreann ná den bhrón atá sa dán, *An Bonnán Buí* (thíos)." É sin a phlé. (20 marc)

- (ii) Mínigh a bhfuil i gceist ag an bhfile sna línte seo a leanas:-

*"is é an ní a deir cách le do dheartháir Cathal
go bhfaighidh mé bás mar súd, más fíor;
ní hamhlaidh atá - súd an préachán breá
chuaigh a dh'éag ar ball, gan aon bhraon dí."* (6 mharc)

- (iii) Scríobh nóta **gairid** faoi mheadaracht an dáin agus léirigh an mheadaracht a bhaineann le do **rogha** véarsa. (9 marc)

AN BONNÁN BUÍ

A bhonnáin bhuí, is é mo chrá do luí
is do chnámha críon tar éis a greim,
is chan díobháil bídh ach easpa dí
d'fhág tú 'do luí ar chúil do chinn;
is measa liom féin ná scrios na Traoi
thú bheith sínte ar leacaibh lom,
is nach ndearna tú díth ná dolaidh is tír
is nárbh fhearr leat fíon nó uisce poill.

Dúirt mo stór liom ligean den ól
nó nach mbeinnse beo ach seal beag gearr,
ach dúirt mé léi go dtug sí bréag
is gurbh fhaide mo shaolsa an deoch úd a fháil;
nach bhfaca sibh éan an phíobáin réidh
a chuaigh a dh'éag den tart ar ball?
a chomharsain chléibh, fliuchaidh bhur mbéal,
óir chan fhaigheann sibh braon i ndiaidh bhur mbáis.

Is a bhonnáin álainn, mo mhíle crá
do chúil ar lár amuigh inna tslí,
is gur moch gach lá a chluininn do ghráig
ar an láib agus tú ag ól na dí;
is é an ní a deir cách le do dheartháir Cathal
go bhfaighidh mé bás mar súd, más fíor;
ní hamhlaidh atá - súd an préachán breá
chuaigh a dh'éag ar ball, gan aon bhraon dí.

Ní hé bhur n-éanlaith atá mise ag éagnach,
an lon, an smaolach, ná an chorr ghlas;
ach mo bhonnán buí a bhí lán den geroí,
is gur cosúil liom féin 'na ghné is 'na dhath;
bhíodh sé choíche ag síoról na dí,
agus deir na daoine go mbím mar sin seal,
is níl deor dá bhfaighead nach ligfead síos
ar eagla go bhfaighinnse bás den tart.

A bhonnáin óig, is é mo mhíle brón
thú bheith romham i measc na dtom,
is na lucha móra ag triall chun do thórraimh
ag déanamh spóirt is pléisiúir ann;
dá gcuirfeá scéala in am fá mo dhéinse
go raibh tú i ngéibheann nó i mbroid fá dheoch,
do bhrisfinn béim ar an Loch sin Vesey
a fhluchfadh do bhéal is do chorp isteach.

NÓ

(b) Freagair (i), (ii) agus (iii) thíos.

(i) Maidir leis an dán, *Saoirse* (thíos), déan plé **gairid** ar an bpríomhthéama ann agus ar an gcaoi a gcuirtear romhainn é. (20 marc)

(ii) Míneigh a bhfuil i gceist ag an bhfile sna línte seo a leanas:-

*"Is éistfead leis na scillingsmaointe,
A mhalartaítear
Mar airgead."*

(6 mharc)

(iii) Nóta **gairid** uait faoin mothúchán is treise sa dán.

(9 marc)

SAOIRSE

Rachaidh mé síos i measc na ndaoine
De shiúl mo chos
Is raghaidh mé síos anocht.

Rachaidh mé síos ag lorg daoirse
Ón mbinibshaoirse
Tá ag liú anseo:

Is ceanglód an chonairt smaointe
Tá ag drannadh im thimpeall
San uaigneas:

Is loirgeod an teampall rialta
Bhíonn lán de dhaoine
Ag am fé leith:

Is loirgeod comhluadar daoine
Nár chleacht riamh saoirse
Ná uaigneas:

Is éistfead leis na scillingsmaointe
A malartaítear
Mar airgead:

Is bhéarfad gean mo chroí do dhaoine
Nár samhlaíodh riamh leo
Ach macsmaointe.

Ó fanfad libh de ló is d'óiche
Is beidh mé íseal,
Is beidh mé dílis
D'bhur snabsmaointe.

Mar do chuala iad ag fás im intinn,
Ag fás gan chuimse,
Gan mheasarthacht.

Is do thugas gean mo chroí go fíochmhar
Don rud atá srianta,
Do gach macrud:

Don smacht, don reacht, don teampall daoineach,
Don bhfocal bocht coitianta,
Don am faoi leith:

Don ab, don chlog, don seirbhíseach,
Don chomparáid fhaitíosach,
Don bheagachtach:

Don luch, don tomhas, don dreancaid bhídeach,
Don chaibidil, don líne,
Don aibítir:

Don mhórgacht imeachta is tíochta,
Don chearrbhachas istoíche,
Don bheannachtain:

Don bhfeirmeoir ag tomhas na gaoithe
Sa bhfómhar is é ag cuimhneamh
Ar pháirc eorann:

Don chomthuiscint, don chomh-sheanchuimhne,
Don chomhiompar comhdhaoine,
Don chomh-mhacrud.

Is bheirim fuath anois is choíche
Do imeachtaí na saoirse
Don neamhspleáchas.

Is atuirseach an intinn
A thit in umar doimhin na saoirse,
Ní mhaireann cnoc dar chruthaigh Dia ann,
ach cnoic theibí, sainchnoic shamhlaíochta,
Is bíonn gach cnoc díobh lán de mhianta
Ag dreapadóireacht gan chomhlíonadh,
Níl teora leis an saoirse
Ná le cnoca na samhlaíochta
Ná níl teora leis na mianta
Ná faoiseamh
Le fáil.

CEIST 4

- STAIR NA GAEILGE -

[30 marc]

Scríobh gearrchuntas ar **dhá cheann** acu seo a leanas:-

(a) Do rogha **beirt** díobh seo:-

Pádraig Ó Conaire; Máire Mhac an tSaoi; Séamas Ó Grianna ("Máire"); Caitlín Maude;
Tomás Ó Criomhthainn; Cathal Ó Searcaigh; Eibhlín Dhubh Ní Chonaill; Louis de Paor.

(b) An Fhiannaíocht (Is leor **trí** mhórpoinnte).

(c) An tAmhrán i litríocht na Gaeilge (Is leor **trí** mhórpoinnte).

(d) An Scéalaíocht i mBéaloides na Gaeilge (Is leor **trí** mhórpoinnte).

(e) An Ghaeilge sna meáin chumarsáide (Is leor trácht ar **dhá** cheann díobh seo:- Teilifís, Raidió, Nuachtáin, Irisí).

(f) An Ghaeltacht inniu (Is leor **trí** mhórpoinnte).

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA
SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2000

GAEILGE— ARDLEIBHÉAL

TRIAL CHLUASTUISCEANA (100 MARC)

DÉ hAOINE, 9 MEITHEAMH, 4.30 go 5.10

SCRÚDUIMHIR 

STAMPA AN IONAIID

[N.B. Caithfidh do chuid freagraí uile sa Triail seo a bheith i nGaeilge, ach amháin nuair nach gá sin.]

DON SCRÚDAITHEOIR										
CUID	A			B			C			
CEIST	1	2	3	1	2	3	1	2	3	IOMLÁN
MARC										

CUID A

Cloisfidh tú *trí cinn* d'fhógraí raidió sa Chuid seo. Cloisfidh tú gach fógra díobh **faoi dhó**. Beidh sosanna le haghaidh na bhfreagraí tar éis na chéad éisteachta agus tar éis an dara héisteacht.

FÓGRA A hAON

1. (a) Cad a bheidh ar siúl oíche Dé Céadaoin seo chugainn?

(b) Cén áit a mbeidh sé ar siúl?

2. Cén dream atá á eagrú?

3. (a) Cé mhéad airgid atá á lorg acu?

(b) Cad chuige an t-airgead seo?

FÓGRA A DÓ

1. (a) Cén post atá i gceist?

(b) Cén áit a seolfar na hiarratais?

2. Luaigh **dhá** cháilíocht nár mhór a bheith ag na hiarratasóirí.

(i) _____

(ii) _____

3. Breac síos ábhar **amháin** cainte a bheidh á phlé ag déagóirí.

FÓGRA A TRÍ

1. Cén t-ainm atá ar an stáisiún raidió seo?

2. Luaigh **dhá** rud a bheidh á gceiliúradh ag an stáisiún seo Déardaoin seo chugainn.

(i) _____

(ii) _____

3. (a) Cé air a ndéanann an stáisiún seo freastal?

(b) Cé mhéad uair an chloig sa tseachtain a chaitear le craoladh beo?

CUID B

Cloisfidh tú *trí cinn* de chomhráite sa Chuid seo. Cloisfidh tú gach comhrá díobh **trí huair**. Cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú é ina *dhá mhír*. Beidh sos le haghaidh scríobh na bhfreagraí tar éis gach míre díobh. Ina dhiaidh sin cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh arís.

COMHRÁ A hAON

An Chéad Mhír

1. Cén t-ainm atá ar an gcáilíocht atá ag Seán?

2. Cá bhfuair sé an cháilíocht sin?

3. Cén taithí a fuair sé an bhliain seo caite?

An Dara Mír

1. Cén post a thaitneodh le Máire?

2. Luaigh an **dá** cháilíocht atá riachtanach don phost áirithe sin.

(i) _____

(ii) _____

COMHRÁ A DÓ

An Chéad Mhír

1. Cén scrúdú a rinne Maidhc inniu?

2. Cén chaoi ar éirigh leis sa scrúdú sin?

3. (a) Cén fáth a bhfuil náire air?

(b) Cad go díreach a tharla i Sráid na Siopaí inniu?

An Dara Mír

1. Cén t-eolas atá ag Cáit nach bhfuil ag Síle?

2. (a) Cén fáth ar thóg sé na súile den bhóthar?

(b) Cén damáiste a rinneadh?

3. Cén mhí-thuiscint a bhí ar Mhaidhc?

COMHRÁ A TRÍ

An Chéad Mhír

1. Breac síos an **dá** rud a chuala Nóra faoin gcéad chathair a dtabharfaidh sí cuairt uirthi.

(i) _____

(ii) _____

2. Cén fáth 'speisialta' a bheidh aici dul ansin?

An Dara Mír

1. Cén bhaint atá ag an dara cathair le reathaí as Éirinn?

2. Cén fáth a rachaidh sí go dtí an dara cathair sin?

3. Luaigh rud **amháin** a bheidh ar siúl aici nuair a bheidh sí san áit sin.

CUID C

Cloisfidh tú *trí cinn* de phíosaí nuachta raidió/teilifíse sa Chuid seo. Cloisfidh tú gach píosa díobh **faoi dhó**. Beidh sosanna le haghaidh scríobh na bhfreagraí tar éis na chéad éisteachta agus tar éis an dara héisteacht.

PÍOSA A hAON

1. Cén bhaint atá ag Bord na Gaeilge leis an gcomórtas seo?

2. (a) Cad a bheidh le déanamh ag daltaí iarbhunscoile chun cur isteach ar an gcomórtas?

(b) Cad iad na duaiseanna a bheidh le buachan?

PÍOSA A DÓ

1. (a) Cad a osclaíodh go hoifigiúil inné?

(b) Cén fáth ar tógadh é?

2. Cén t-ainm atá ar an eagraíocht a raibh baint mhór acu leis an bhforbairt seo?

3. Cén bhaint atá ag an duine a rinne an oscailt oifigiúil leis an oileán seo?

PÍOSA A TRÍ

1. Cén fáth ar tugadh an cailín seo os comhair na cúirte inné?

2. Cad a bhí ar siúl aici Oíche Shamhna, dar leis an nGarda?

3. Cad a rinne sí nuair a rug an Garda uirthi?
